# Daonáireamh 2006 Acmhainní Bunscoile
# Achoimre ar Cheachtanna do Rang a 1 agus a 2

| Rang a 1 agus a 2 | Téama agus Foclóir | Príomhtheachtaireachtaí | Teastaíonn |
|---|---|---|---|
| Ceacht a 1 | **Daonáireamh Ranga**<br>*Rolla, i láthair/as láthair, comhairigh, sórtáil, ró, colún, graf (picteagram, barrachairt)*<br><br>*Foclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.* | ▪ Tá comhaireamh tábhachtach sa saol.<br>▪ Tugann comhaireamh agus taifid cúnamh dúinn a bheith eagraithe agus le pleananna a dhéanamh don todhchaí<br>▪ Is féidir Picteagraim agus barrachairteacha a úsáid le heolas a léiriú ar bhealach atá simplí le tuiscint. | ▪ Ciúbanna éagsúla nó naisc fhoghlama<br>▪ Lipéad mór do gach páiste lena (h)ainm air<br>▪ Lipéidí Bána / Marcóir<br>▪ Dhá mhata CO nó fonsaí hula<br>▪ Cárta go mbeidh na páistí in ann pictiúir dóibh féin a tharraingt nó cárta le grianghraif de na páistí air<br>▪ Cóip den phatrún don Phicteagram Acmhainne J 1.1 |
| Ceacht a 2 | **Daonáireamh 2006**<br>*Daonáireamh, áiritheoir, rialtas, ceann an teaghlaigh, staitisticí, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, aois, seoladh, fireann, baineann, comhaireamh, tír*<br><br>*Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.* | ▪ Áireamh oifigiúil ar dhaonra na tíre é Daonáireamh.<br>▪ Tógtar daonáireamh oifigiúil i mbeagnach gach tír uair amháin gach cúig nó deich mbliana.<br>▪ Tá gach céim sa phróiseas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh leis an daonáireamh.<br>▪ Is féidir sonraí a chur in iúl i bhfoirm ghraif, léaráidí nó phictiúirí chomh maith le bheith i bhfoirm thuairisce. | ▪ Ciorcal an Daonáirimh J 2.1<br>▪ Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh J 2.2<br>▪ Amhrán an Daonáirimh J 2.3<br>▪ Póstaer an Daonáirimh J 2.4<br>▪ Focal Cuardaigh J 2.5 |
| Ceacht a 3 | **Maidir linn**<br>Foclóir céanna le Ceacht a 2<br><br>*Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.*<br><br>*Staitisticí, sonraí* | • Foinse eolais é daonáireamh ranga.<br>• Is féidir daonáireamh ranga a dhearadh le firicí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.<br>• Sonra nó píosa eolais é staitistic a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar chuid mhór sonraí.<br>▪ Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla mar shampla, Léaráid Chearúil agus blocghraf. | ▪ Luas Cártaí an Daonáirimh J 3.1<br>▪ Foirm Bhán don Daonáireamh Ranga J 3.2<br>▪ Foirm Shamplach don Daonáireamh Ranga J 3.3<br>▪ Patrún den Léaráid Chearúil J 3.4<br>▪ Patrún den Bhlocghraf – as láthair ón scoil J 3.5 |
| Ceacht a 4 | **An Daonáireamh Ranga**<br>Foclóir atá in úsáid go dtí seo a thabhairt isteach i bhfíor ghníomhaíocht den daonáireamh ranga.<br><br>*Staitisticí, sonraí, scór, graf, léaráid Venn, blocghraf, léaráid Chearúil* | ▪ Foinse iontach eolais é daonáireamh ranga.<br>▪ Is féidir daonáireamh ranga a dhearadh le firicí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.<br>▪ Tá gach céim sa phróiseas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh leis an daonáireamh.<br>▪ Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla. | ▪ Bileog Scóir don Daonáireamh J 4.1<br>▪ Patrúin na nGraf don Daonáireamh Ranga J 4.2 a b c<br>▪ Cairt Laethanta Breithe J 4.3<br>▪ Anailís ar Shonraí – taisteal chun na scoile J 4.4<br>▪ Féilire d'Aibreán 2006 J 4.5<br>▪ Dhá Chluiche Cláir bunaithe ar Fhéilire an Aibreáin 2006 J 4.6 a b<br>▪ Ceistiúchán Féilire J 4.7<br>▪ Tomhas an Daonáirimh – bunaithe ar uimhreacha draíochta 23 J 4.8 |